



2024/777

6.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/777 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Márta 2024

maidir le bonn L-lísín, leachtach, monaihidgeaclóiríd L-lísín, leachtach, agus monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun L-lísín leachtach tiubhaithe, monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 a údarú. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le L-lísín leachtach tiubhaithe, monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar san iarratas sin na breiseáin sin a aicmiú sa chatagóir 'breiseáin chothaitheacha', feidhmghrúpa 'aimíonaigéid, a salainn agus a n-analóga' agus sa chatagóir 'breiseáin chéadfacha', feidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'.
- (4) Sna tuairimí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an 27 Meán Fómhair 2022 ⁽²⁾ agus an 11 Bealtaine 2023 ⁽³⁾, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil L-lísín leachtach tiubhaithe, monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 sábháilte do na spriocspeicis, do thomhaltóirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nuair a úsáidtear iad mar aimíonaigéid agus mar chomhdhúile blaistithe ar aon. Chuir an tÚdarás in iúl go raibh inní air faoi na breiseáin sin a thógáil go comhuaineach de bhéal mar aimíonaigéid i mbeatha agus in uisce óil. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach meastar go bhfuil sé d'acmhainn ag L-lísín leachtach tiubhaithe, monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín a bheith ina gcúis le tocsaineacht riospráide, ná le híogru craicinn. Ní mheastar gur greannaitheoirí craicinn agus súl monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín ach d'fhéadfadh L-lísín leachtach tiubhaithe a bheith creimneach don chraiceann agus do na súile mar gheall ar a pH ard. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur foinse éifeachtach den aimíonaigéad riachtanach L-lísín L-lísín leachtach tiubhaithe, monaihidgeaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe agus monaihidgeaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 le haghaidh speicis ainmhíocha neamh-athchogantacha. Chun go mbeadh an L-lísín forlíontach chomh héifeachtach céanna in athchogantaigh agus atá sé i speicis neamh-athchogantacha, bheadh cosaint ar dhíghrádú sa chogansach ag teastáil chuige sin. Measadh freisin go raibh na trí fhoirm den bhreiseáin éifeachtach mar chomhdhúile blaistithe beatha faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(10):7612.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(6):8048.

- (5) Ba cheart na hainmneacha 'L-lísín leachtach tiubhaithe' agus 'monaihídreaclóiríd L-lísín leachtach tiubhaithe' a athrú go 'bonn L-lísín, leachtach' agus 'monaihídreaclóiríd L-lísín, leachtach' toisc nach bhfuil ach cion L-lísín 50 % agus 22,4 % faoi seach sna breiseáin sin.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, maidir le bonn L-lísín, leachtach, monaihídreaclóiríd L-lísín, leachtach agus monaihídreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917, measann an Coimisiún go gcomhlíonann na breiseáin sin na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na mbreiseán sin a údarú. Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí boinn L-lísín, leachtach, a chosc.
- (7) Measann an Coimisiún, nuair a úsáidtear na breiseáin mar aimíonaigéid, agus go háirithe i gcás forlónadh trí uisce óil, gur iomchuí an t-úsáideoir a chur ar an eolas an soláthar cothaithe a chur san áireamh leis na haimíonaigéid uile atá riachtanach agus riachtanach go coinníollach.
- (8) Maidir le saintréithe fisiceacha na monaihídreaclóiríde L-lísín púdraí i ndáil le méin-dáileachán na gcáithníní agus leis an acmhainneacht atá aici deannach a tháirgeadh, measann an Coimisiún go bhfuil baol nochtá iontocsaine ann d'úsáideoirí agus, dá bhrí sin, gur cheart uasnochtadh iontocsaine a shocrú.
- (9) Maidir le bonn L-lísín, leachtach, monaihídreaclóiríd L-lísín, leachtach, agus monaihídreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag *Escherichia coli* NITE BP-02917 a úsáid mar chomhdhúile blaitithe, measann an Coimisiún nach gá uaschion a shocrú mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta. Chun rialú níos fearr a leagan síos, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar na cionta sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann leis an gcatagóir 'breiseáin chothaitheacha', feidhmghrúpa 'aimíonaigéid, a salainn agus analóga' agus leis an gcatagóir 'breiseáin chéadfacha', feidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus a n-analóga									
3c320i	-	bonn L-lísín, leachtach	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Tuaslagán uiscí L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 50 %</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>L-lísín arna tháirgeadh ag Escherichia coli NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH</p> <p>Uimhir CAS: 56-87-1</p> <p><i>Modh anailíse (1) :</i></p> <p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chainníochtú:</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (2) (Iarscríbhinn III, F)</p> <p>Chun lísín sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin a chainníochtú (ina bhfuil níos mó ná 10 % lísín):</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180</p>	Gach speiceas	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. Féadfar an breiseán a úsáid trí uisce óil. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil a shonrú. Ar lipéad an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Agus forlíonadh á dhéanamh le L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.' 	26 Márta 2034

			<p>Maidir le lísín in uisce a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD); nó — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS) 				<p>5. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus do na súile.</p>	
--	--	--	--	--	--	--	--	--

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

(²) Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/152/oj>).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus a n-analóga									
3c321i	-	Monaihidreaclóiríd L-lísín, leachtach	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Tuaslagán uiscí de mhonaihidreaclóiríd L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 22,4 % agus uaschion taise 65 %</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>Monaihidreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag <i>Escherichia coli</i> NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: $\text{NH}_2\text{-(CH}_2\text{)}_4\text{-CH(NH}_2\text{)-COOH-HCl}$</p> <p>Uimhir CAS: 657-27-2</p> <p><i>Modh anailíse</i> (1):</p> <p>Maidir le monaihidreaclóiríd L-lísín sa bhreiseán beathaithe a shainaithint:</p> <p>— Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'Monagraf monaihidreaclóiríde L-lísín';</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. Féadfar an breiseán a úsáid trí uisce óil. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil a shonrú. Ar lipéad an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 	an 26 Márta 2034

			<p>Maidir le lísín a chainníochtú sna breiseáin agus sna réamh-mheascáin bheathaithe (ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 %):</p> <ul style="list-style-type: none"> — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180; <p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 (Iarscríbhinn III, F) <p>Maidir le lísín in uisce a chainníochtú:</p> <ul style="list-style-type: none"> — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD); nó — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS). 				<p>‘Agus forlíonadh á dhéanamh le monaihídreaclóiríd L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.’</p>	
--	--	--	---	--	--	--	--	--

(¹) (¹)Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán cothaitheach. Feidhmghrúpa: aimíonaigéid, a salainn agus a n-analóga.									
3c322v	-	Monaihidreaclóiríd L-lísín	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Púdar monaihidreaclóiríde L-lísín ina bhfuil íoschion L-Lísín 78 % agus uaschion taise 1,5 %</p> <p>Foirm sholadach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>Monaihidreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag <i>Escherichia coli</i> NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH-HCl</p> <p>Uimhir CAS: 657-27-2</p> <p><i>Modh anailíse</i> (1):</p> <p>Maidir le monaihidreaclóiríd L-lísín sa bhreiseán beathaithe a shainaithint:</p> <p>— Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'Monagraf monaihidreaclóiríde L-lísín;</p> <p>Maidir le lísín a chainníochtú sna breiseáin agus sna réamh-mheascáin bheathaithe (ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 %):</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180;</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> 1. Sonrófar an cion lísín ar lipéadú an bhreiseáin. 2. Féadfar an breiseán a úsáid trí uisce óil. 3. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála, an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa agus an chobhsaíocht in uisce óil a shonrú. 4. Ar lipéad an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Agus forlíonadh á dhéanamh le monaihidreaclóiríd L-lísín, go háirithe in uisce óil, ba cheart na haimíonaigéid uile riachtanacha atá riachtanach agus coinníollach a chur san áireamh chun míchothromaíochtaí a sheachaint.' 	an 26 Márta 2034

			<p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin agus i mbeatha chumaisc a chainníochtú:</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F);</p> <p>Maidir le lísín in uisce a chainníochtú:</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD); nó</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS).</p>					5. Le cion iontocsaine an bhreiseáin agus leis an acmhainneacht atá aige deannach a tháirgeadh, áiritheofar gurb é 1 600 IU iontocsainí/m ³ aeir an nochtadh iontocsaine uasta ⁽²⁾ .	
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

⁽²⁾ Nochtadh arna ríomh ar bhonn leibhéal iontocsaine an bhreiseáin agus na hacmhainneachta atá aige deannach a tháirgeadh de réir an mhodha a úsáideann EFSA (EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(10):5458); modhanna anailíse: Pharmacopoeia Eorpach 2.6.14. (iontocsainí baictéaracha).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile blaitithe									
3c320i	-	bonn L-lísín, leachtach	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Tuaslagán uiscí L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 50 % Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>L-lísín arna tháirgeadh ag <i>Escherichia coli</i> NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH</p> <p>Uimhir CAS: 56-87-1</p> <p><i>Modh anailíse ⁽¹⁾:</i></p> <p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F);</p> <p>Maidir le lísín a chainníochtú sna breiseáin agus sna réamh-mheascáin bheathaithe (ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 %): — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180.</p>	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 25 mg/kg.' I gcás ina sárófaí an cion dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 	an 26 Márta 2034

								5. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfean an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus do na súile.
--	--	--	--	--	--	--	--	---

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile blaitithe									
3c321i	-	Monaihidreaclóiríd L-lísín, leachtach	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Tuaslagán uiscí de mhonaihidreaclóiríd L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 22,4 % agus uaschion taise 65 %</p> <p>Foirm leachtach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>Monaihidreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag <i>Escherichia coli</i> NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH-HCl</p> <p>Uimhir CAS: 657-27-2</p> <p><i>Modh anailíse (1):</i></p> <p>Maidir le monaihidreaclóiríd L-lísín sa bhreiseán beathaithe a shainaitheint:</p> <p>— Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'Monagraf monaihidreaclóiríde L-lísín;</p>	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	<p>1. Déanfar an bhreiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.</p> <p>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.</p> <p>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 25 mg/kg.'</p>	an 26 Márta 2034

			<p>Maidir le lísín a chainníochtú sna breiseáin agus sna réamh-mheascáin bheathaithe (ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 %):</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180;</p> <p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin a chainníochtú:</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 (Iarscríbhinn III, F).</p>					<p>4. I gcás ina sárófaí an cion dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrúfar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p>	
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile blaitithe									
3c322v	-	Monaihidreaclóiríd L-lísín	<p><i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i></p> <p>Púdar monaihidreaclóiríde L-lísín ina bhfuil íoschion L-lísín 78 % agus uaschion taise 1,5 %</p> <p>Foirm sholadach</p> <p><i>Tréithriú na substainte gníomhaí:</i></p> <p>Monaihidreaclóiríd L-lísín arna táirgeadh ag <i>Escherichia coli</i> NITE BP-02917</p> <p>Foirmle cheimiceach: NH₂-(CH₂)₄-CH(NH₂)-COOH-HCl</p> <p>Uimhir CAS: 657-27-2</p> <p>Modh anailíse ⁽¹⁾ :</p> <p>Maidir le monaihidreaclóiríd L-lísín sa bhreiseán beathaithe a shainaithint:</p> <p>— Codex na gCeimiceán Bia dar teideal 'Monagraf monaihidreaclóiríde L-lísín;</p>	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	<ol style="list-style-type: none"> Déanfar an bhreiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 25 mg/kg.' 	an 26 Márta 2034

			<p>Maidir le lísín a chainníochtú sna breiseáin agus sna réamh-mheascáin bheathaithe (ina bhfuil cion lísín is mó ná 10 %):</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS/FLD) – EN ISO 17180]</p> <p>Maidir le lísín i réamh-mheascáin a chainníochtú:</p> <p>— crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath optúil (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F).</p>					<p>4. I gcás ina sárófaí an cion dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrú ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.</p> <p>5. Le cion iontocsaine an bhreiseáin agus leis an acmhainneacht atá aige deannach a tháirgeadh, áiritheofar gurb é 1 600 IU iontocsainí/m³ aeir an nochtadh iontocsaine uasta ⁽²⁾.</p>	
--	--	--	--	--	--	--	--	---	--

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga

⁽²⁾ Nochtadh arna ríomh ar bhonn leibhéal iontocsaine an bhreiseáin agus na hacmhainneachta atá aige deannach a tháirgeadh de réir an mhodha a úsáideann EFSA (EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(10):5458); modhanna anailíse: Pharmacopoeia Eorpach 2.6.14. (iontocsainí baictéara).